Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012

# LAIDIN – GNÁTHLEIBHÉAL

(400 marc)

**DÉARDAOIN, 21 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 – 12.00**

THALL →

**1.** **[80]**

**(i)** Cuir Gaeilge ar an **gcéad shé líne**:- (35)

Iam steterant acies ferro mortique paratae,
iam lituus pugnae signa daturus erat;
cum raptae veniunt inter patresque virosque,
inque sinu natos, pignora cara, tenent.
ut medium campi passis tetigere capillis,
in terram posito procubuere genu.
et quasi sentirent, blando clamore nepotes
tendebant ad avos bracchia parva suos.
tela viris animique cadunt, gladiisque remotis
dant soceri generis accipiuntque manus;
laudatasque tenent natas, scutoque nepotem
fert avus: hic scuti dulcior usus erat.

**ÓIVID**

**(ii)** Freagair **trí cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá cúig mharc déag ag dul le gach ceist):- (45)

**(a)** Cérbh iad na mná a dtugtar ‘raptae’ orthu (líne 3)? Cad a tharla dóibh?
**(b)** Mínigh cad atá na mná ag iarraidh a dhéanamh sa sliocht seo.
**(c)** Mínigh cad atá ar siúl sa dara leath den sliocht (línte 7 – 12).
**(d)** Cé hiad na ‘nepotes’? Luaigh **dhá** rud a chuireann lena mealltacht.
**(e)** Déan cur síos ar dhán nó ar shliocht eile ar thaitin sé leat a léamh agus abair cén fáth ar thaitin sé leat.
**(f)** Scríobh nóta gairid ar shaol agus ar shaothar Óivid.

**2.** Cuir Gaeilge ar:- **[80]**

*(Tachtann an naíonán Earcail an dá phéist a chuir Iúnó chuige chun é a mharú )*

Pater Herculis erat Iuppiter et mater erat Alcmena. Hercules erat fortissimus omnium hominum. Sed Iuno, regina deorum, Herculem adhuc infantem necare volebat. Itaque Iuno misit duos serpentes saevos qui media nocte domum Alcmenae venerunt.

Ibi parvus Hercules cum fratre suo in cubiculo dormiebat. Ubi serpentes appropinquaverunt, frater Herculis perterritus magna voce matrem vocavit. Sed Hercules ipse statim ingentes serpentes manibus suis rapuit et necavit.

adhuc: fós. serpens: péist.

**3.** Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair **ocht gcinn ar bith** de na ceisteanna ina dhiaidh**.** (Tá deich marc ag dul le gach ceist):- **[80]**

*(An ceann ba dheacra de shaothair Earcail: an madra trícheannach Ceirbearas a tharraingt ón Domhan Thíos)*

Rex Herculem iam virum duodecim labores facere iussit. Inter omnes labores hic erat difficillimus. Necesse erat Herculi canem Cerberum ex Orco in lucem trahere. Sed nemo antea ex Orco revenerat. Atque Cerberus erat monstrum ferox qui tria capita habebat.

Hercules regi paruit et statim in Orcum descendit. Ibi cum magno periculo Cerberum manibus rapuit et ex Orco in lucem et ad urbem regis traxit. Sic Hercules post duodecim annos duodecim labores confecit. Tandem post longam vitam Hercules in caelum ascendit et Iuppiter filio suo immortalitatem dedit.

duodecim: dó dhéag. Orcus: An Domhan Thíos. revenio: tagaim ar ais.
monstrum: arracht, ainbheithíoch. immortalitas: neamhbhásmhaireacht.

**(i)** Cad a d'ordaigh an rí d'Earcail a dhéanamh?
**(ii)** Cérbh é an ceann ba dheacra de shaothair Earcail?
**(iii)** Cén rud nach ndearna aon duine roimhe sin?
**(iv)** Luaigh **dhá** rud a deirtear faoi Cheirbearas.
**(v)** Ar chomhlíon Earcail ordú an rí?
**(vi)** Cén frása a insíonn duit go raibh an tasc seo dainséarach?
**(vii)** Cá háit ar tharraing Earcail Ceirbearas isteach ann?
**(viii)** Cá fhad a thóg sé ar Earcail a dhá shaothar déag a chríochnú?
**(ix)** Cad a tharla d'Earcail ag deireadh a shaoil fhada?
**(x)** Tabhair na príomhranna de **dhá cheann ar bith** de na briathra seo a leanas atá sa sliocht thuas:-

iubeo, traho, habeo, descendo, do.

**(xi)** Tabhair an Tuiseal Cuspóireach, Uimhir Uatha de **dhá cheann ar bith** de na hainmfhocail seo a leanas atá sa sliocht thuas:-

rex, canis, lux, vita, filius.

**4.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B. (Tá ochtó marc ag dul le gach roinn):- **[80]**

**A.** Cuir Laidin ar:-

**(a)** Ba dhia é Apalló, a thug grá don nimfeach álainn, Daifne. (16)

**(b)** Theith Daifne isteach sna coillte mar níor thug sí grá d'Apalló. (16)

**(c)** "Cabhraigh liom, a athair," a d'iarr an nimfeach ar dhia na habhann. (16)

**(d)** D'athraigh a hathair an nimfeach ina crann álainn. (16)

**(e)** "Seo é mo chrann álainn," arsa Apalló. (16)

Apalló: Apollo –onis *f.*
Daifne: Daphne –es *b.*
athraigh: muto, mutare, mutavi, mutatum (1).
nimfeach: nympha –ae *b.*
abhainn: flumen –inis *n.*
crann: arbor –oris *b.*

**THALL →**

**NÓ**

**B.** Cuir Gaeilge air:-

*(Téann an Toirtís agus an Giorria in iomaíocht lena chéile i rás)*

Olim lepus testudini dixit, "Bene curro. Ego te vincere possum." Postquam lepus hoc dixit testudo respondit, "Non curro, sed lente ambulo. Ego tamen te vincere possum."

Ubi hoc dixerunt, et lepus et testudo vincere voluerunt. Itaque lepus celeriter currere incepit. Testudo lente ambulare incepit. Postquam longe cucurrit, lepus "Iam vici," inquit. "Currere non volo, dormire volo."

Testudo tamen ambulare non cessavit. Testudo ambulavit – et ambulavit – et ambulavit. Lepus dormivit – et dormivit – et dormivit. Itaque testudo vicit.

| | | |
|---|---|---|
| lepus: giorria. | testudo: toirtís. | et … et: agus … araon. |
| longe: bealach fada. | | cesso: scoirim de. |

**5.** **Stair na Róimhe, 264 – 44 R.Ch.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **cúig cinn ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

- **(i)** Cad ba *corvus* ann? Conas a chabhraigh sé leis na Rómhánaigh sa Chéad Chogadh Púnach?
- **(ii)** Ainmnigh **dhá** oileán a tháinig faoi smacht na Rómhánach idir an Chéad Chogadh Púnach agus an Dara Cogadh Púnach.
- **(iii)** Cén ról a ghlac Quintus Fabius Maximus Cunctator sa chogadh i gcoinne Hannabail?
- **(iv)** Cad a chiallaíonn *delenda est Carthago*? Cé a bhain úsáid as na focail seo?
- **(v)** Conas a fuair Scipio Aemilianus na teidil Numantinus agus Africanus?
- **(vi)** Cad a tharla do Tiberius Gracchus nuair a d'fhéach sé le leasú a thabhairt isteach ar chóras na talún?
- **(vii)** Cá háit a raibh na tíortha ársa Mauretania agus Numidia?
- **(viii)** Cad ba phríomhchúis le briseadh amach Chogadh na nIodálach nó an Cogadh Sóisialta sa bhliain 90 R.Ch?
- **(ix)** Cérbh é Spartacus? Conas a tharraing sé trioblóid ar na Rómhánaigh?
- **(x)** Cé na cumhachtaí a fuair Poimpéas tríd an *lex Manilia*? Cad chuige?

**B.** Samhlaigh gur tusa **Hannabal** i do chaisleán sa Bhitín agus go bhfuil tú timpeallaithe ag saighdiúirí Rómhánacha. Scríobh do litir dheireanach ag cur síos ar do ghníomhréim agus ag tabhairt údair don fhuath atá agat ar na Rómhánaigh. (20)

**NÓ**

Bhí **Iúil Caesar** ar dhuine de na ginearáil agus de na polaiteoirí ab fhearr de chuid na Róimhe. Scríobh cuntas ar na príomhchéimeanna ina ghníomhréim. (20)

**6.** **Saol Sóisialta agus Sibhialtacht na Rómhánach.** Freagair Roinn A **agus** Roinn B. **[40]**

**A.** Tabhair faoi **cúig cinn** de na ceisteanna seo a leanas. Ná bíodh níos mó ná abairt nó dhó i ngach freagra. (20)

**(i)** Cén jab a bhí ag *rhetor*?
**(ii)** Déan cur síos ar cad a tharlaíodh ag an *Circus Maximus* sa Róimh.
**(iii)** Déan cur síos ar **dhá** nós a bhain le bainiseacha sa Róimh.
**(iv)** Cén ról a bhí ag *censor* sa stát Rómhánach?
**(v)** Cad ba *cursus honorum* ann?
**(vi)** Cad ba (a) *apodyterium* agus (b) *frigidarium* ann i gcoimpléasc folcadán Rómhánach?
**(vii)** Cén ról a bhí ag *haruspex* sa reiligiún Rómhánach?
**(viii)** Ainmnigh agus déan cur síos ar **dhá** bhall éadaigh a chaitheadh bean Rómhánach.
**(ix)** Cén gaol a bhí idir *patronus* agus a *clientes*?
**(x)** Cérbh iad na *equites*, agus cén ról a bhí acu sa tsochaí Rómhánach?

**B.** Féach ar an léaráid thíos de *domus* Rómhánach agus freagair na ceisteanna ina diaidh:- (20)




**(i)** Cá háit a mbeifeá ag súil de ghnáth le mósáicí a fheiceáil i dteach Rómhánach? (2)

**(ii)** Mínigh **dhá** dhifríocht idir *domus* agus *insula*. (6)

**(iii)** Samhlaigh gur buachaill nó cailín Rómhánach tú agus go bhfuil do theaghlach díreach tar éis bogadh isteach i dteach cosúil leis an gceann sa phictiúr thuas. Scríobh litir chuig cara ag cur síos ar phríomhghnéithe an tí. (12)

Baineadh an léaráid le haghaidh C. 6B as www.flickr.com/photos/16472880@N06/5094028932/sizes/1/in/photostream/

**Leathanach Bán**

Leathanach Bán

Leathanach Bán